Brónach cois cuain

Tháinig muid ar saoire cois na farraige
Tháinig muid ar saoire cois na trá
Tháinig muid le súgradh ar an gcladach
Tháinig muid le dul isteach ag snámh.

Curfá:
Ach níor stop an bháisteach le seachtain
Is tá mise brónach is fuar
Níor stop an bháisteach le seachtain
Is tá mise brónach cois cuain

Déanfaidh muide pictiúr deas le chéile
Sin a deir mo mhamaí gach aon lá
Ach tháinig muid le súgradh ar an gcladach
Tháinig muid le dul isteach ag snámh.

Curfá:

Déanfaidh muide cáca deas le chéile
Sin a deir mo dhaidí gach aon lá
Ach tháinig muid le súgradh ar an gcladach
Tháinig muid le dul isteach ag snámh.

Curfá:

Réamhéisteacht:

- **Eiseamláirí teanga a bhféadfaí a mhúineadh, sula gcloiseann na páistí an t-amhrán:**

Tháinig muid ar saoire

Tá mise brónach

© 2004 Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin

- **Ábhar an dáin a phlé:**

An raibh tusa riamh brónach agus tú ar saoire? Cén fáth?

- **Pictiúir:**

Tarraing pictiúr den rud a tharla nuair a bhí tú brónach agus tú ar saoire.

Iaréisteacht:

Drámaíocht – páistí ag imirt i rólanna mar atá san amhrán – an páiste brónach, an Mamaí ag iarraidh pictiúr a tharraingt, an Daidí ag iarraidh cáca deas a dhéanamh.

Comhtháthú:

Eolaíocht

Báisteach – cén fáth go dteastaíonn báisteach uainn? Cé as a dtagann sí?

© 2004 Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin